Comhairle Contae Thiobraid Árann
Tipperary County Council

# Plean Corparáideach

## 2015-2019





# Clár Ábhair

## 1. Fáilte


Réamhfhocal leis an gCathaoirleach - Michael FitzGerald 4

Réamhfhocal leis an bPríomhfheidhmeannach – Joe MacGrath 5


## 2. Maidir leis an bPlean Corparáideach


2.1 Cad atá sa Phlean Corparáideach? 7

2.2 Comhthéacs an Phlean 8

2.3 Ráiteas Misin 10

2.4 Conas a Oibrímid? 12


## 3. Fís do Chomhairle Contae Thiobraid Árann


3.1 Geilleagar Láidir 16

3.2 Cáilíocht na Beatha 18

3.3 Timpeallacht Ardchaighdeáin 20


## 4. Monatóireacht & Cur i bhFeidhm 22

## Aguisíní


Aguisín 1: Liosta de Chomhairleoirí Tofa de réir Ceantair Bhardasaigh 24

Aguisín 2: Liosta de Choistí Beartais Straitéisigh & de chomhaltaí 28

Aguisín 3: Struchtúr Polaitíochta & Bainistíochta Eagrúcháin 30

Aguisín 4: Éachtaí 32

# Réamhfhocal - Cathaoirleach



## Ceiliúradh ócáid shuntasach i stair an Rialtais Áitiúil i gContae Thiobraid Árann i Meitheamh 2014 nuair a tháinig 10 n-údarás áitiúil le chéile in aon eagraíocht aontaithe amháin mar Chomhairle Contae Thiobraid Árann

.

Sa Phlean Corparáideach seo, a chlúdaíonn an tréimhse ó 2015 go 2019, tugtar creat um sholáthar seirbhísí ag Comhairle Contae Thiobraid Árann le haghaidh na gcúig bliana amach romhainn. Tá traidisiún láidir chomh maith le branda láidir náisiúnta agus idirnáisiúnta ag Tiobraid Árann, a bhfuil beagnach 160,000 duine ina gcónaí ann. Leis an bPlean féachtar chun cur leis an gcáil atá orainn mar aon chontae amháin, aon chomhairle amháin agus aon fhoireann amháin a oibríonn as lámh a chéile leis na páirtithe leasmhara go léir chun teacht ar réitigh choitianta.

Leagtar béim sa Phlean ar na nithe a leagann muintir Thiobraid Árann tábhacht orthu. Is é an dúshlán a bheidh os ár gcomhair thar shaolré an Phlean ná na haidhmeanna agus na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach a bhaint amach agus muid ag déanamh monatóireachta ar thorthaí i gcónaí chun déanamh cinnte go bhfuil an fhís á tabhairt chun saoil agus bhfuil sé fós ábhartha do riachtanais na ndaoine a ndéanaimid freastal orthu.

Mar gheall ar an gcor chun donais sa gheilleagar cuireadh dúshláin mhóra ós ár gcomhair, agus rinne an chomhairle nua athruithe dá réir sin trí laghdú á dhéanamh ar ár mbonn costas, bheith níos éifeachtaí agus Tiobraid Árann a dhéanamh 'oscailte le haghaidh gnó' de réir mar a thagann an geilleagar ar ais chuige féin. Mar sin, is é an dúshlán nua ná smaointe agus deiseanna a aithint agus tacú leo, leanúint ar aghaidh mar chontae a fhéachann ar chúrsaí seachtracha agus bheith in ann fós freagairt do riachtanais na ndaoine a ndéanaimid freastal orthu. Aithnítear sa Phlean a thábhachtaí is atá sé go n-oibreodh baill foirne, comhaltaí tofa, agus ár gcuid saoránach de réir cuspóra agus físe coitianta; is é sin ná geilleagar láidir a chothú, cáilíocht beatha a chur ar fáil agus timpeallacht tharraingteach a choimeád le haghaidh ár gcuid pobal.

Tá áthas orm an chéad Phlean Corparáideach seo le haghaidh Thiobraid Árann a chur i láthair ina dtugtar plean oibre um thodhchaí dhearfach do Thiobraid Árann. Is é an ról a ghlacann páirtithe leasmhara i dtreo sheachadadh an Phlean a dhéanfaidh rath an Phlean a fheabhsú agus a thomhas.

**An Cmhlr. Michael FitzGerald**
Cathaoirleach

# Réamhfhocal - Príomhfheidhmeannach

Feidhmíonn an Plean Corparáideach seo mar chreat Straitéiseach Thiobraid Árann le haghaidh gnímh le linn shaolré na Comhairle seo agus spreagfaidh sé forbairt eacnamaíochta, cuimsitheacht shóisialta, agus inbhuanaitheacht comhshaoil i gContae Thiobraid Árann.

Chonaic muid go léir athrú mór le linn 2014 nuair a bunaíodh Comhairle Contae Thiobraid Árann mar chomhairle aontaithe agus tá sé tábhachtach go n-oibreoimis as lámh a chéile chun an fhís atá leagtha amach sa phlean seo a chomhlíonadh. Tá an fhís sin bunaithe ar 4 fhachtóir lárnacha a thacaíonn lenár gcuid oibre go léir (is iad sin ná Tiobraid Árann mar bhranda; An Saoránach; an Comhalta Tofa agus ár gCuid Ball Foirne) agus oibreoidh na fachtóirí sin le chéile chun cláir inbhuanaithe a chur i bhfeidhm a chuireann feabhas ar cháilíocht na beatha le haghaidh muintir go léir Thiobraid Árann.

Mar Chomhairle, táimid tiomanta Déanfar cuspóirí an Phlean Chorparáidigh a chomhlíonadh ag an gCathaoirleach agus na Comhairleoirí i dteannta le baill foirne na Comhairle agus bainfimid úsáid as ár gcuid acmhainní go léir mar áit iontach um chónaí, oibriú agus infheistíocht.

Tá sé mar aidhm againn ráiteas scríofa a chur ar fáil maidir leis na cuspóirí ar mhaith linn a bhaint amach thar thréimhse an phlean, na straitéisí tacúla a bunaíodh chun na haidhmeanna sin a chomhlíonadh agus na meicníochtaí um chur i bhfeidhm, athbhreithniú agus choigeartú.

Táim ag smaoineamh ar an aimsir dhúshlánach atá os comhair ár gContae, mar sin tá sé tábhachtach go mbeadh ár gcuid cuspóirí réalaíoch, gur féidir iad a bhaint amach agus go mbeidís dírithe ar riachtanais ár gcuid custaiméirí I.

**Joe MacGrath,**
Príomhfheidhmeannach

chun cur chuige idirghníomhaireachta ionas gur féidir seirbhísí a sheachadadh chomh héifeachtach agus is féidir. Tacóidh an Chomhairle leis an lucht gnó trí hoibriú as lámh a chéile le gníomhaireachtaí eile chun costas an ghnó a laghdú, chun infheistíocht isteach a spreagadh agus chun fostaíocht a éascú tríd na LEOnna nuabhunaithe.
.



# 2.

# Maidir leis an bPlean Corparáideach

# 2.1 Cad atá sa Phlean Corparáideach?



Is é cuspóir ár bPlean Corparáidigh ná tuairisc a dhéanamh ar na príomhthosaíochtaí le haghaidh Chomhairle Contae Thiobraid Árann le linn na gcúig bliana amach romhainn, agus iad a mhíniú de réir na dtairbhí dár gcuid bpobal. Sa Phlean seo tugtar cuntas ar fhís shoiléir le haghaidh na mianta atá againn le haghaidh Thiobraid Árann amach anseo agus le haghaidh na hoibre a dhéanfaimid mar an gComhairle Contae, i dteannta le gach páirtí leasmhar, chun an fhís sin a chomhlíonadh.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach gclúdaítear an obair go léir a dhéanfaidh an chomhairle sa Phlean Corparáideach. Cuirimid réimse leathan seirbhísí ar fáil le haghaidh ár gcuid pobal, agus beidh pleananna ar leithligh ag gach ceann de na seirbhísí sin a thacaíonn le comhlíonadh aidhmeanna an Phlean Chorparáidigh

Aithníonn an Plean Corparáideach na príomhthosaíochtaí lárnacha don chomhairle ina hiomlán le linn na gcúig bliana amach romhainn. Ciallaíonn sé sin go leagfar níos mó airde ar na réimsí sin agus mbainfear leas as acmhainní breise iontu chun déanamh cinnte go ndéanfar iad a sheachadadh go rathúil. Is é an fáth go n-aithníodh mar thosaíochtaí don chomhairle iad ná go bhfuarthas amach tar éis ár gcuid oibre agus taighde go leagann ár gcuid pobal tábhacht orthu, agus gur gá dúinn níos mó oibre a dhéanamh chun freastal ar riachtanais agus ionchais na bpobal sin

.


# 2.2 Comhthéacs

I mí Iúil 2011 d'fhógair an Rialtas go mbunófaí comhairle contae aontaithe i dTiobraid Árainn. I Meitheamh 2014, tugadh feidhm d'aontú Thiobraid Árann Thuaidh agus Theas, lenar áiríodh comhairlí Buirge/baile Chluain Meala, Charraig na Siúire, Chaisil, an Aonaigh, an Teampaill Mhóir, Dhurlais, Thiobraid Árann agus don chomhchoiste leabharlainne tar éis na dtoghchán don rialtas áitiúil.

## Tíreolas

Is é Tiobraid Árann, a bhfuil achar geografach de 4,282sq. km, agus daonra de 158,754 aige an séú contae is mó de na 32 chontae agus an t-aonú contae déag is mó de réir daonra. Tá an réigiún mar chuid de mhachaire láir na hÉireann, ach tá go leor sliabhraonta san ilraon éagsúil; Sléibhe Chnoc Maoldomhnaigh, na Gaibhlte, Cnoic Ara agus Sléibhte Bhéal Átha Gabhainn. Déantar an chuid theas den chontae a dhraenáil ag Abhainn na Siúire; déantar tuaisceart an chontae a dhraenáil ag craobhacha na Sionainne a leathnaíonn isteach i Loch Dearg. Níl teagmháil ag aon chuid den chontae leis an gcósta. Tugtar Machaire na Mumhan ar lár an chontae, is é atá ann ná talamh tréadach saibhir in abhantrach na Siúire a shíneann isteach i gcontae Luimnigh agus Chorcaí .





Trasnaíonn príomhbhealaí artaireacha mar an M7, M8, N24, chomh maith le línte traenach ó Bhaile Átha Cliath go Corcaigh agus Luimneach, agus Port Láirge go Luimneach an contae.

## Geilleagar

**Tá geilleagar éagsúil ag ‘an Premier County’, mar a thugtar ar Thiobraid Árann, a chuimsíonn na nithe seo a leanas:**




- Mol leighis-cógasaíochta atá sa cheantar timpeall Chluain Meala ina bhfuil na comhlachtaí Abbott Vascular, Boston Scientific, Suir Pharma, MSD, agus Pinewood Laboratories;
- Déantúsaíocht mar Bulmers, Medite Ireland, Procter and Gamble, Carey’s Glass agus Lisheen mine, Tipperary Natural Mineral Water;
- Tá fiontair bheaga agus mheánmhéide ina ngné lárnach de gheilleagar éagsúil an chontae;



- Tá ról tábhachtach ag láir bhaile maidir le seirbhísí miondíola agus airgeadais, caithimh aimsire agus fostaíochta a chur ar fáil




- Tá an talamh mín den chéad scoth ina thimpeallacht fhoirfe le haghaidh táirgeadh bia agus le haghaidh clú méadaithe i ndáil le bia ceardaí;




- Tá clú agus cáil ar Thiobraid Árann mar gheall ar a thionscal póraithe capall agus tá go leor clós mór le rá mar Coolmore Stud agus clós traenála Bhaile Dúill suite ann;



- Tá ról mór ag an turasóireacht i gContae Thiobraid Árann mar; Loch Dearg, ceantair ardtalún, Caisleán Chaisil, agus Swiss Cottage, agus ionaid mar Ionad Oidhreachta Bhrú Boru Caiseal agus an Source Theatre i nDurlas;
- Tá Ionad Oideachais 3ú leibhéal i gCluain Meala agus i nDurlas a bhfuil garnaisc acu le Coláistí eile.


### Mar shampla

Sa Phlean, cé go n-aithneofar na ról lárnach atá ag na hearnálacha sin go léir, féachfar chuig tacaíocht a thabhairt do gach foinse d’fhostaíocht inbhuanaithe. Mar shampla, i gcomhpháirt le LIT, d’fhorbair an Chomhairle ‘Questum’ le déanaí, is é sin ná foirgneamh ina bhfuil spás inoiriúnaithe chun tacú le fiontair nuathionscanta in Ionad Eolaíochta agus Gnó Thiobraid Árann, Cluain Meala.



# 2.3 Ráiteas Físe

**Tiobraid Árann le Chéile - Mianta againn dár bpobail, caighdeáin arda againn dúinn féin agus ag obair de réir cuspóra coitianta chun rath a bhaint amach don chontae go léir.**



Sa phlean seo tugtar fís um sheachadadh ár gcuid seirbhísí. Cuimsíonn sí na gnéithe siombóiseacha seo a leanas a oibríonn i dteannta a chéile:

## Saoránach

Tá mianta againn dár lucht cónaithe agus dár bpobail agus táimid dian orainn féin mar eagraíocht. Féachfaidh an Chomhairle chuig cónaitheoirí a spreagadh chun ról níos gníomhaí a ghlacadh ina gcuid ceantar áitiúil, chun oibriú as lámh a chéile le hionadaithe tofa agus le gníomhaithe pobail chun dul i ngleic le fadhbanna áitiúla agus chun cinntiú go mbeidh seirbhísí na comhairle níos freagrúla dá gcuid tosaíochtaí agus mianta
;

- **Muintir Thiobraid Árann a chur ag croílár ár gcuid oibre go léir**
- **Rannpháirtíocht an phobail a spreagadh**
- **Pobail inbhuanaithe a thógáil**
- **Cáilíocht na beatha a fheabhsú**
- **Cuimsitheacht Shóisialta a chur chun Cinn**

## Comhaltaí Tofa

Ag obair le comhaltaí tofa chun ionadaíocht níos fearr agus ceannaireacht saoránaigh a thabhairt do mhuintir Thiobraid Árann maidir leis na saincheisteanna a leagann siad tábhacht orthu, seachas díreach na saincheisteanna a bhfuilimid freagrach as iad a chomhlíonadh.

- **Ceannaireacht a chur ar fáil sa phobal**
- **Eolas agus tacaíocht againn**
- **Beartas a dhéanamh agus an todhchaí a mhúnlú**
- **Freagairt do riachtanais an phobail**

## Ár mbaill foirne

Mar údarás nua agus forásach, oibreoidh baill foirne chun eagraíocht dhinimiciúil, sholúbtha a chur ar fáil a bhíonn stiúrtha ag cáilíocht agus a bhíonn tiomanta chun seirbhís den chéad scoth a thabhairt do chustaiméirí. Déanfaimid iarracht oibriú le gach gníomhaireacht áitiúil agus náisiúnta chun cinntiú go dtugtar seirbhísí poiblí comhtháite agus éifeachtach do shaoránaigh
.

- **Cleachtais oibre sábháilte**
- **Cur chuige dinimiciúil 'Is féidir'**
- **Báúil agus dírithe ar an gcustaiméir**
- **An chumhacht againn chun freagracht a ghlacadh**
- **Rialachas de réir uaillmhéine**

## Ár 3 théama straitéiseacha

**Geilleagar Láidir:**
Tá sé fós ríthábhachtach go bhfógrófaí inar bPlean Corparáideach go bhfuil an Contae **'Oscailte do Ghnó'**. Fachtóirí bunúsacha iad beogacht eacnamaíochta Thiobraid Árann maidir le cáilíocht beatha agus rath ár gcuid cónaitheoirí a mhúnlú.

**Cáilíocht na beatha:**
Beidh Tiobraid Árann fós ina **háit tharraingteach um chónaí,** ina bhfuil bailte bríomhara agus tarraingteacha agus sráidbhailte áille agus beoga, agus tuath álainn timpeall air. Cruthófar spás le haghaidh fáis ar an daonra amach anseo trí mheán méaduithe inbhuanaithe ar bhailte agus trí fhorbairt thuisceanach ar ár gceantair tuaithe. Cuirfear an bonneagar chun tacú leis an bhfás sin ar fáil ar bhealach tráthúil chun cinntiú go mbeidh pobail inbhuanaithe agus chuimsitheacha againn.

**Timpeallacht Ardchaighdeáin:**
Féiniúlacht uathúil Thiobraid Árann a chosaint, agus cinntiú go ndéantar forbairt a dhearadh agus a bhainistiú ar bhealach a chinntíonn go gcosnaítear agus go bhfeabhsaítear
**Carachtar áitiúil uathúil** agus féiniúlacht na timpeallachta tógtha, stairiúla agus nádúrtha i mbailte, sráidbhailte agus tuath Thiobraid Árann le haghaidh na nglúinte a thiocfaidh inár ndiaidh
.

## Tiobraid Árann

**Tiobraid Árann mar bhranda:** Is áit iontach í Tiobraid Árann cheana féin um chónaí, obair agus infheistíocht agus tá go leor ann ar ábhair bhróid dúinn é. Féachann an Plean chun tógáil ar an gclú sin mar aon chontae amháin, agus aon chomhairle a oibríonn de réir cuspóra choitianta;

- **Forbairt eacnamaíochta a stiúradh**
- **Bródúil den am atá thart agus uaillmhianach don todhchaí**
- **Deiseanna a chruthú**
- **Féiniúlacht Thiobraid Árann a thógáil**

# 2.4 Conas a Oibrímid?

D'ainneoin an chúlra eacnamaíochta dúshlánach, tá aidhm fíorshoiléir ag Comhairle Contae Thiobraid Árann ní hamháin maidir le caighdeán a cuid seirbhísí a choimeád, ach le feabhas a chur orthu. Beimid uaillmhianach dár gcontae agus tacóimid le timpeallacht a dhéanfaidh níos mó infheistíochta a chumasú chomh maith le níos mó post ardchaighdeáin le haghaidh daoine áitiúla.



## Ceantair Bhardasacha

Bunaíodh struchtúr na gCeantar Bardasach faoin Acht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil 2014, agus téann sé in ionad struchtúr fochontae na gcomhairlí Buirge/baile agus na gcoistí ceantair áitiúil a bhí ann roimhe. Tá Ceantar Buirge agus ceithre Cheantar Bardasach (CBanna0 ag Comhairle Contae Thiobraid Árann

Soláthróidh Ceantair Bhardasacha, trí mheán oifigí i gCluain Meala, i gCarraig na Siúire, san Aonach, i nDurlas agus i dTiobraid Árann, réimse leathan de sheirbhísí bonneagair dá gcuid bpobal, agus beidh ról gníomhach acu i bhforbairt na réimsí tionscail, gnó, sóisialta, ealaíon, oidhreachta agus cultúrtha sna Ceantair Bhardasacha
.

Sin é an chaoi a ndéanfaimid caighdeáin beatha níos fearr a sheachadadh do chách. Is é an t-aon chaoi ar féidir linn é seo a dhéanamh ná trí hoibriú i ndlúthpháirt le gach soláthraí seirbhíse chun cur chuige níos comhtháite a bhaint amach, go háitiúil agus go corparáideach, chun freastal níos éifeachtaí ar riachtanais áitiúla. Ina theannta sin cuirfimid tacaí ar fáil le haghaidh pobal agus spreagfaimid tuilleadh forbartha ar ghníomhaíochtaí saorálaí agus pobail i ngach ceantar.

Rinne muid ár gcuid próiseas a shruthlíniú agus bhain muid níos mó leasa as an teicneolaíocht chun feabhas a chur ar inrochtaineacht agus sheachadadh seirbhíse.

Déanfaimid cosc timpistí, tarlúintí contúirteacha agus díobhálacha pearsanta san ionad oibre a chur chun cinn, a spreagadh agus a chothú, de réir na bhforálacha reachtúla ábhartha agus chun socruithe sásúla a dhéanamh um forfheidhmiú na bhforálacha reachtúla ábhartha.

Táimid tiomanta chun gníomhú ar bhealach oscailte, macánta agus eiticiúil agus bíonn meas againn ar luach agus éagsúlacht daoine eile i ngach rud a dhéanaimid
.

**An tAonach**

**(daonra. 37,442)**
Ón bPort Nua sa deisceart suas go Rathcabbin sa Tuaisceart

**AN TEAMPALL MórMÓR**

**- Durlas**

**(daonra 35,367)**
ón Marcach sa deisceart Horse and go Ros Cré sa tuaisceart

**Caiseal**
**- Tiobraid Árann**

**(daonra 27,549)**
ó na Gaibhlte sa deisceart go dtí Áth an Chuilinn sa tuaisceart

**Carrick-On-Suir**

**(pop. 21,827)**

from Carrick-on-Suir
in the south to Gortnahoe
in the north

**Cluain Meala**
**- An Chathair**

**(daonra. 36,509)**
ó na Gaibhlte san iarthar go dtí sráidbhaile Chill Síoláin san oirthear

## Coistí um Forbairt Pobail Áitiúil

## (CFPA)

Leis na CFPA nuabhunaithe glacfar cur chuige níos straitéisí, spriocdhírithe agus comhtháite i dtreo tacaí áitiúla agus pobail, agus beidh gníomhaíocht áitiúil agus forbartha pobail sa chontae níos comhtháite. Tá sé beartaithe go ndéanfar éascaíocht ar chineach nó logánú níos mó freagrachta maidir lena bhfuil á dhéanamh agus á chaitheamh sa réimse sin.

Cosúil leis an CPG agus na SPCanna, coiste de chuid an údaráis áitiúil é an CFPA ach tá sé difriúil leo sa mhéid is go bhfuil sé neamhspleách ar an údarás áitiúil i gcomhlíonadh a chuid feidhmeanna. Tá an CFPA déanta suas de chomhpháirtithe socheacnamaíochta ó na hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon agus chun go mbeadh sé dírithe ar an bpobal i gcónaí, ní mór go mbeadh duine príobháideach amháin i láthair i gcónaí agus cinntí CFPA á ndéanamh.



## Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP)

Cruthófar LRP chun cur ar chumas grúpaí pobail agus deonacha, cuimsithe shóisialta agus comhshaoil ról níos gníomhaí agus foirmiúla a ghlacadh sna réimsí ábhartha ceaptha beartais den Údarás Áitiúil.




## Oifigí Fiontair Áitiúla (OFAnna)

Tá ról eacnamaíochta níos leithne ag OFAnna a chuirfidh cur chuige níos comhtháite ar fáil i dtreo tacaíochta fiontair ar leibhéal áitiúil, agus na OFAnna ag comhlíonadh an fheidhm micreafhiontair ar thug Boird Fiontair Contae agus Cathrach faoi roimhe sin chomh maith leis na feidhmeanna tacaíochta a comhlíonadh in Aonaid Tacaíochta Gnó an údaráis áitiúil é féin roimhe sin.

.



## Struchtúr Réigiúnach

I gcomhpháirt le Tionól Réigiúnach an Deiscirt oibreoidh an Chomhairle i dtreo Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach agus i dtreo tionscadail agus cláir a chur i bhfeidhm ar leibhéal réigiúnach.



## Pleananna agus Straitéisí Ábhartha:

- Putting People first – Action Programme for Effective Local Government 2012
- An Straitéis Náisiúnta Míchumais
- Making Ireland's Development Sustainable




- Straitéis le haghaidh Leabharlann Poiblí 2013-2019
- Pleananna Forbartha Contae an Tuaiscirt agus an Deiscirt 2009 agus 2010
- An Straitéis Spáis Náisiúnta 2002 - 2020
- Ráiteas Beartais ar Easpa Dídine 2013 – 2016
- Clár Cóiríochta don Lucht Taistil 2014 – 2018
- Pobail a Choimeád Slán – Creat le haghaidh Sábháilteachta ó Dhóiteáin in Éirinn 2013






- National Climate Change Adaptation Framework 2012
- Straitéis um Thithíocht Shóisialta 2014
- Pleananna Forbartha Buirge agus Baile
- Pleananna agus Scéimeanna Feabhsúcháin Ceantair Áitiúil
- Scéimeanna Ranníocaíochta Forbartha
- Pleananna Oidhreachta Contae
- Transport 21 – 2006-2015



- Smarter Travel – A Sustainable Transport Future
- Delivering Homes, Sustaining Communities



# 3

# Fís do Chomhairle Contae Thiobraid Árann

# 3.1 Geilleagar Láidir




## Ráiteas Straitéise 1

Beidh geilleagar rathúil agus bonn fostaíochta láidir agus éagsúil ag Tiobraid Árann. Beidh idir comhlachtaí ilnáisiúnta agus dúchasacha suite ann chomh maith le cuid mhór fiontar beag agus meánmhéide agus bainfidh sé leas fós as a ionad straitéiseach agus a thimpeallacht chuidiúil.

- **Ceangailte**: trí feabhas a chur ar bhonneagar TFC agus fisiceach agus ar chumarsáidí inmheánacha agus seachtracha.







## Aidhm:

Gné ríthábhachtach dár bPlean Corparáideach nó go gcuirfí ar chumas an Chontae bheith **'ceangailte, freagrúil agus iomaíoch'.** Is fachtóirí bunúsacha iad beogacht eacnamaíochta Thiobraid Árann agus rath ár gcuid gnóthas maidir le cáilíocht beatha agus rath mhuintir an chontae a mhúnlú. I dteannta lenár n-Oifig Fiontar Áitiúil, oibreoidh ár gcuid Ball Foirne Forbartha Pobail agus Eacnamaíochta i ndlúthpháirt le gach páirt leasmhar chun dul i ngleic le héifeachtaí an choir chun donais sa gheilleagar agus bainfidh siad leas as na deiseanna a eascraíonn ó théarnamh an gheilleagair
.

**Tá ár gcur chuige beartaithe um forbairt eacnamaíochta bunaithe ar thrí aidhm straitéiseacha lárnacha:**

- **Iomaíoch**: clár oibre a fhorbairt a dhíríonn ar ghnéithe seachtracha, a dhéanann an Contae a shuíomh, a chur chun cinn agus a thaispeáint ar ardán náisiúnta agus idirnáisiúnta, chun cabhrú le hinfheistíocht isteach a tharraingt;
- **Freagrúil**: díriú ar infheistíocht agus freagairt do riachtanais ghnó athraithe;


## Cuspóirí:

- Líonra bonneagair inrochtana a chur chun cinn agus a éascú ar fud an chontae chun forbairt shóisialta agus eacnamaíochta chothrom agus iomaíochas a bhaint amach;
- Cinntiú go mbeidh dóthain talún criosaithe ar fáil sna háiteanna cearta chun fónamh d'infheistíocht isteach is amach agus chun gnóthais reatha a mhéadú;
- Tacú le tionscain agus forbairt gnóthas atá stiúrtha ag nuálaíocht, a fhásann go tapa agus atá bunaithe ar eolas sna hionaid chuí;
- Cur chun cinn a dhéanamh ar áiteanna atá tarraingteach um obair, shiopadóireacht agus chaitheamh aimsire;
- Tacú leis an bhfás ar ghníomhaíocht mhiondíola agus leis an méadú dá bharr sin ar bheogacht láir bhaile;
- Caidrimh a thógáil agus a fhorbairt le gníomhaireachtaí mar Fiontraíocht Éireann, an Roinn Coimirce Sóisialaí, agus CFPÁ, chun freagra comhtháite ar riachtanais an phobail ghnó a chinntiú;
- Tacú leis an mbonneagar gnó

reatha trí smaoineamh comhordaithe;

- Gníomhú mar chatalaíoch agus mar éascaitheoir chun fiontar agus fostaíocht a chur chun cinn;
- Tacú le fiontair eacnamaíochta reatha, agus tógáil ar rath an mhoil leighis chógaisíochta atá sa Chontae;
- Seirbhísí Comhairle a chur ar fáil ar bhealach costéifeachtach;
- Leanúint ar aghaidh ag cothú nasc le hinstitiúidí oideachasúla, le lucht gnó agus leis an earnáil phoiblí chun fiontar a chur chun cinn i dTiobraid Árann;
- Cumais thionscadail AE a fhorbairt i ndáil le tionscadail idir-réigiúnacha agus straitéiseacha a mbainfidh an contae leas astu;
- Díriú ar dheiseanna líonraithe a fhorbairt idir daoine aonair chun smaointe nua a chothú agus chun roinnt eolais a chur chun cinn;
- Tacú le soláthar leathanbhanda ardluais ar fud an chontae.

# 3.2 Cáilíocht na Beatha




## Aidhm:

Tógfaimid Contae atá ar son an phobail, ar son na foghlama agus ar son an ghnó, áit a mbainfidh saoránaigh taitneamh as cáilíocht ard beatha. Aithnímid na réimsí iomaí ina dtugtar cáilíocht beatha inbhuanaithe mar na hEalaíona, deiseanna Spóirt agus Caithimh Aimsire, tionscnaimh um foghlaim fadsaoil agus um forbairt pobail.

Cáilíocht beatha a thabhairt i mbailte agus i sráidbhailte áit a bhfuil gá le feabhsúcháin ar bhealaí do choisithe agus bealaí rothaíochta; mar thoradh air sin beidh slí beatha ghníomhach ag na cónaitheoirí agus iad ag baint leasa as rochtain níos fearr ar áiseanna spóirt, spáis oscailte ardchaighdeáin, agus an tuath oscailte
Beidh láir bhaile ina n-ionad inrochtana agus tarraingteacha le haghaidh miondíola agus fóillíochta, mar sin ní bheidh sé riachtanach taisteal chuig ionaid níos mó. Soláthróidh ionaid níos lú raon siopaí agus seirbhísí a dhéanfaidh freastal ar riachtanais na bpobal áitiúil sna ceantair bhruachbhaile agus tuaithe.

## Ráiteas Straitéiseach 2

Beidh Tiobraid Árann fós ina háit tharraingteach um chónaí, ina bhfuil bailte bríomhara agus tarraingteacha agus sráidbhailte áille agus beoga, agus tuath álainn timpeall air. Cruthófar spás le haghaidh fáis ar an daonra amach anseo trí mheán méaduithe inbhuanaithe ar bhailte agus trí fhorbairt thuisceanach ar ár gceantair tuaithe. Cuirfear an bonneagar chun tacú leis an bhfás sin ar fáil ar bhealach tráthúil chun cinntiú go mbeidh pobail inbhuanaithe agus chuimsitheacha againn.

- Cinntiú go ndéanfar forbairt thar shaolré an Phlean a dhearadh agus a bhainistiú ar bhealach a chinnteoidh go gcosnófar agus go bhfeabhsófar carachtar áitiúil sainiúil na timpeallachta tógtha, stairiúla agus nádúrtha i mbailte, i sráidbhailte agus i dtuath Tiobraid Árann;

- Bonneagar an chontae a chothabháil de réir caighdeáin aird i gcónaí agus é sin a dhéanamh ar bhealach gairmiúil, eagraithe agus córasach;

- Cur chun cinn a dhéanamh ar chláir chomhtháite, inrochtana agus chomhordaithe um chothabháil agus feabhsú bonneagair i gcomhairle agus i gcomhar le gach páirtí leasmhar ábhartha;

- Inbhuanaitheacht agus Straitéisí um Athrú Aeráide a chur ag croílár an phleanáil bonneagair agus oibríochtaí na Comhairle;

- Leanúint ar aghaidh ag forbairt láir ár mbailte agus sráidbhailte mar áiteanna tarraingteacha agus bríomhara um shiopadóireacht, chónaí agus chuartaíocht;

- Cinntiú go mbeidh líonra láidir de bhonneagar glas dea-cheangailte agus ilfheidhmiúil i dTiobraid Árann a chuirfidh timpeallacht tharraingteach ar fáil um chónaí, obair agus am fóillíochta, a bheidh tairbhiúil don tsláinte agus a thabharfaidh deiseanna le haghaidh caithimh aimsire foirmiúil agus neamhfhoirmiúil;

- Coincheap an Chaipitil Sóisialta a fhorbairt agus tógáil air agus Líonra Rannpháirtíochta Poiblí a bhunú mar mheicníocht don Údarás Áitiúil trínar féidir naisc agus cumarsáid a dhéanamh leis na heagraíochtaí pobail, deonacha agus comhshaoil i dTiobraid Árann;

- Coiste Forbartha Áitiúil Thiobraid Árann a bhunú don chontae;

- Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Thiobraid Árann a fhorbairt don chontae;

- Tacaíocht a thabhairt do Ghníomhartha um Chuimsiú Sóisialta sa chontae i ndáil le haosú dearfach, meabhairshláinte, daoine óga a cheangal, seirbhísí do leanaí agus tacaí teaghlaigh;

- Tacú e soláthar seirbhísí cúram leanaí ardchaighdeáin do theaghlaigh óga ar fud Thiobraid Árann;

- Cur ar chumas pobal cabhrú leis an údarás áitiúil chun réimse poiblí ardchaighdeáin atá tarraingteach agus sábháilte a chruthú agus a choimeád;


- Leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag cur i bhfeidhm bheartais Tithíochta ata inbhuanaithe, cuimsitheach agus cuí agus a dhéanfaidh freastal ar riachtanais athraitheacha gach saoránaigh le linn a saolré;

- Cuimsiú sóisialta a chur chun cinn trí mheán bainistíocht a dhéanamh ar an meascán tionachta;

- Glacadh le dea-chleachtas i mBainistíocht Eastát Tithíochta;

- Pobail sábháilte a chur chun cinn trí hoibriú i gcomhpháirt le pobail, leis na Gardaí agus le heagraíochtaí eile;
- Daoine a spreagadh chun blas a thógáil de shaibhreas cultúrtha agus de bhród Thiobraid Árann trí stair ábhartha ár gcontae a bhailiú, aire a thabhairt di agus í a léirmhíniú ionas go mbeidh gach úsáideoir músaem in ann taitneamh agus leas a bhaint as agus foghlaim uaithi;
- Ceangail, cláir agus beartais a thógáil a chuirfidh feabhas ar shaol ealaíne agus cultúrtha ár gcuid pobal;
- Seirbhís leabharlainne ardchaighdeáin a chur ar fáil a dhéanann freastal ar an riachtanas um foghlaim Fadsaoil, idir foghlaim Oideachasúil agus Caithimh Aimsire le haghaidh gach pobail;
- Cur chun cinn a dhéanamh ar shaoráidí agus áiseanna i bPáirceanna, trí thacú le slí beatha fholláin trí chaitheamh aimsire gníomhach agus éighníomhach;
- Spórt agus Caitheamh Aimsire a spreagadh trí chláir struchtúrtha a fhorbairt chun díriú ar dhreamanna sonracha sa phobal;
- Tacú le forbairt garraithe scóir agus garraithe pobail;
- Éascaíocht a dhéanamh ar gach custaiméir ar mian leo gnó a dhéanamh tri Ghaeilge leis an gComhairle;
- Aontú ar Scéim Ghaeilge agus í a chur i bhfeidhm;
- Clár a ghlacadh um Éirinn a Thacaíonn le Daoine Breacaosta agus an clár sin a chur i bhfeidhm.

# 3.3 Timpeallacht Ardchaighdeáin



## Ráiteas Straitéise 3

Soláthraíonn timpeallacht Thiobraid Árann aer agus uisce glan, bia, breosla, amhábhair, stóráil carbóin, rialú tuilte agus scagadh truaillithe. Soláthraíonn sí ómós áite, tugann sí caitheamh aimsire agus suaimhneas, agus tá sí ríthábhachtach do thurasóireacht an chontae. Ina theannta sin tugann sí sócmhainní agus acmhainní saibhre lena mbaineann raidhse deiseanna chun tionscail nua a fhorbairt agus fostaíocht a chruthú.

Fachtóir mhór é caighdeán na timpeallachta maidir le dul i bhfeidhm ar cháilíocht na beatha, agus gnóthais agus fostaithe a tharraingt agus a choimeád.

## Aidhm:

Tá oidhreacht áitiúil shaibhir chomh maith le raidhse timpeallachta nádúrtha, páirceanna agus fóntas ag Tiobraid Árann agus cosnóidh agus forbróidh an chomhairle ár n-oidhreacht thógtha agus nádúrtha, mar gheall ar an tábhacht a bhaineann leo ó thaobh leas sóisialta agus eacnamaíochta an phobail iomláin;

Mar gheall ar thionchar an athrú aeráide agus an gá le leas a bhaint as acmhainní fuinnimh malartacha ní mór don Chomhairle contae atá tíosach ar fhuinneamh a fhorbairt.





## Cuspóirí:

- Trí mheán a ról ceannaireachta pobail oibreoidh an Chomhairle chun geilleagar ísealcharbóin a fhorbairt agus úsáid á baint as a meascán uathúil de phleanáil, de thionscnaimh eacnamaíochta, pobail agus comhshaoil agus dá chumas cruthaithe dul chun cinn a ghiaráil trí shocruithe oibre comhpháirtíochta;
- Dul i bhfeidhm ar sholáthar agus coimeád caighdeán ard um bonneagar tríd na creataí reachtaíochta ábhartha;
- Úsáid agus roinnt sonraí spásúla a mhéadú chun pleanáil seirbhíse agus bonneagair níos éifeachtaí agus comhtháite a chumasú;
- Timpeallacht, gnáthóga agus speicis an Chontae a chosaint agus machnamh a dhéanamh ar an mbeartas don tírdhreach náisiúnta atá i mbéal forbartha;



- Cáilíocht uiscí an chontae a chosaint agus a choimeád trí mheán oideachais, bainistíocht abhantraí agus forfheidhmithe;
- Forbairt a dhéanamh ar rochtain agus úsáid sócmhainní nádúrtha agus tógtha tábhachtacha mar na páirceanna, na sléibhte, na haibhneacha agus na foraoiseacha;
- An timpeallacht tuaithe agus ardtalún a chosaint do gach saoránach;


- Plean bithéagsúlachta a fhorbairt agus a chur chun cinn;
- Méadú a dhéanamh ar eolas agus feasacht maidir leis na tírdhreacha, na gnáthóga is an ailtireacht reatha chomh maith leis na hacmhainní seandálaíochta agus cultúir;
- Leanúint ar aghaidh ag forbairt na mbailiúchán agus na seirbhísí sa Rannóg Staidéir Áitiúil de chuid an tSeirbhís Leabharlainne agus an bailiúchán a dhéanamh inrochtana;
- Plean a fhorbairt chun Cartlann Contae a bhunú;
- Tús áite a thabhairt d'fhorbairt dromchlaí agus spás glas chun líonra glas an Chontae a éascú le haghaidh daoine agus fiadhúlra;



- Úsáid íogair an tírdhreacha reatha um shiúl agus rothaíocht a chur chun cinn;
- Cur chun cinn a dhéanamh ar córais fuinnimh inbhuanaithe agus ar thairbhí na straitéisí malartacha fuinnimh agus tírdhreacha agus struchtúir reatha á gcosaint ag an am céanna;
- Slándáil bia a chosaint agus a fheabhsú sa chontae trí thacú le tuilleadh méadaithe ar tháirgeadh bia áitiúil;
- Tacú le forbairt leantach na dtionscal talmhaíochta agus eachaíochta.

# 4.0 Monatóireacht & Cur i bhFeidhm

Ní mór go mbeimis in ann monatóireacht a dhéanamh chun féachaint an bhfuil na tairbhí ionchais á mbaint amach againn dár gcuid pobal. Cuirfimid meicníochtaí i bhfeidhm chun cinntiú go mbeidh Comhairleoirí agus an pobal in ann ár gcuid dul chun cinn a leanúint le linn shaolré an Phlean Chorparáidigh.



(Cuspóirí agus spriocanna aonair do bhaill foirne a bhaineann leis na Pleananna Foirne earnála)



**Má éiríonn linn seo iad na torthaí a mbeimid ag súil leo;**

- Méadú ar shásamh an phobail le héascaíocht a bplé leis an gcomhairle;
- Seirbhísí atá níos éifeachtaí ó thaobh costais;
- Níos lú gearán ón bpobal;
- Níos mó idirbheart ar líne a dhéantar trí shuíomh gréasáin an phobail;
- Leibhéil arda de shásamh foirne;
- Timpeallacht oibre shábháilte;

Bainfidh an Chomhairle úsáid as suirbhéanna custaiméara, suirbhéanna siopadóra rúnda, táscairí feidhmíochta, plé leis an LRP agus aiseolas díreach chun monatóireacht a dhéanamh ar an méid thuas. Coimeádfaimid an pobal ar a n-eolas faoin méid thuas agus féachfaimid chuig eolas ardchaighdeáin a thabhairt do chustaiméirí i gcónaí.

**Taispeánfar an plean Corparáideach ar láithreán gréasáin i gcónaí agus cuirfear ar fáil do na dreamanna seo a leanas é:**

- Comhaltaí tofa agus baill foirne na comhairle;
- Baill den Choiste Forbartha Áitiúil;
- CBSanna;
- Údaráis áitiúla eile ar fud na tíre;
- An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil;
- Na meáin chumarsáide áitiúla agus scaipfear do dhreamanna atá cláraithe leis an LRP é trí rúnaíocht an LRP;
- Rúnaíocht an NOAC

**Úsáid Acmhainní**

Tá an Chomhairle tiomanta chun dea-bhainistíocht airgeadais agus luach ar airgead agus féachfaidh sé chuig acmhainní a dhíriú ar thosaíochtaí de réir mar a aithnítear sa Phlean Corparáideach iad. Ina theannta sin ní mór don Chomhairle freagra a thabhairt ar chúinsí agus ar imeachtaí athraithe, agus tríd an bpróiseas sin leagfar béim ar aon athruithe ar thosaíochtaí nó rioscaí. Cé go ndáilfidh an chomhairle acmhainní chun freastal ar cheantair d'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach acmhainní a athdháileadh chun réimsí tosaíochta a athrú.

Tacóidh athbhreithnithe agus iniúchtaí luacha ar airgead leis an bpróiseas sin freisin trí measúnú rialta a dhéanamh ar chláir chaiteachais chun cur chuige fianaisebhunaithe a chur ar fáil i dtreo cinntí a dhéanamh maidir leis na hacmhainní atá ar fáil a leithdháileadh i bhfianaise na réimsí tosaíochta a aithníodh
.

Ullmhófar Plean bliantúil um Sheachadadh Seirbhíse chun ráiteas a thabhairt faoi na príomhsheirbhísí atá le cur ar fáil, chomh maith le liosta de na príomhchuspóirí agus príomhthosaíochtaí; cuimseofar caighdeáin feidhmíochta le comhlíonadh agus eolas faoin mbealach atá sé beartaithe againn feidhmíocht a mheas i dtaobh sheachadadh seirbhíse.

Tabharfar tuairisc ar sheachadadh an Phlean Chorparáidigh tríd an (a)Tuarascáil Bhliantúil, a thabharfaidh achoimre den dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm an phlean chorparáidigh a cuireadh faoi bhráid comhaltaí, agus (b) Tuarascálacha Bainistíochta Míosúla don Chomhairle. Cuirfear san áireamh sa tuarascáil bhliantúil aon tuairimí de chuid NOACanna agus a bhfeidhm á comhlíonadh acu maidir le cur i bhfeidhm pleananna corparáideacha á meas.


I dteannta leis an méid thuas, déanfaidh an chomhairle athbhreithniú ar gach táscaire feidhmíochta agus féachfaidh sí chuig athbhreithniú agus feabhsúchán a dhéanamh ar sheirbhísí

dá réir, agus an méid sin a léiriú i bpleananna bliantúla um sheachadadh seirbhíse

# Aguisín 1: Liosta de Chomhairleoirí Tofa de réir Ceantair Bhardasaigh



## Ceantar Bardasach Charraig na Siúire



**Kieran Bourke**
Neamhpháirtí

Baile Risteird
Bóthar na Creige
Carraig na Siúire

Co Thiobraid Árann
086 8049772
kieran.bourke@
tipperarycoco.ie



**David Dunne**
Sinn Féin

42 Cregg Lawns
Carraig na Siúire
Co Thiobraid Arann
086 3476317
david.dunne@
tipperarycoco.ie



**John Fahey**
Fine Gael

Baile an Ghraeigh
Coill an Áil
Co. Thiobraid Árann
086 3573524
john.fahey@
tipperarycoco.ie



**Imelda Goldsboro**

Fianna Fáil
An Chlais Dubh
Glaise an Ghuail
Durlas
Co Thiobraid Árann
087 2444819
imelda. goldsboro@
tipperarycoco.ie



**Louise McLoughlin**

Fine Gael
An Garrán
Baile an Iúir
Durlas
Co Thiobraid Árann
087 7829711
louise. mcloughlin@
tipperarycoco.ie



**Eddie O Meara**

Neamhpháirtí
Baile Uí Dhónaill
Muileann na hUamhan
Durlas
Co. Thiobraid Árann
087 9243823
eddie.omeara@
tipperarycoco.ie

## Ceantar Bardasach Chaisil – Thiobraid Árann



**Martin Browne**
Sinn Fein
122 Corrán Ghort an Spá

Caiseal

Co Thiobraid Árann
087 4197578
martin.browne@
tipperarycoco.ie



**John Crosse**
Fine Gael
Crois Dhún
Eochaille
Dún Eochaille
Co Thiobraid Árann
087 9165851
john.crosse@
tipperarycoco.ie



**Michael FitzGerald**
Fine Gael
Teach Ráth
Cloichín

An Gabhailín
Co Thiobraid
Árann
087 2292126
michael.fitzgerald@
tipperaryccoco.ie



**Mary Hanna Hourigan**
Fine Gael
Teach Parkview
Bóthar Thiobraid Ára
An Cheapach
Co Thiobraid Árann
085 8150689
mary.hanna@
tipperarycoco.ie



**Roger Kennedy**

Fianna Fáil
Camas
Caiseal

086 8161058
roger.kennedy@
tipperarycoco.ie



**Denis Leahy**

Neamhpháirtí
4 Sráid an
Dáibhisigh
Baile Thiobraid Árann

087 6796704
denis.leahy@
tipperarycoco.ie



**Tom Wood**
Neamhpháirtí
27An Phríomhshráid Caiseal
Co. Thiobraid
Árann
087 9746545
tom.wood@
tipperarycoco.ie

## Ceantar Buirge Chluain Meala



**Siobhan Ambrose**
Fianna Fáil

Dún Mhuire
Melview

Cluain Meala

Co. Thiobraid Árann
086 3850242
siobhan.ambrose@
tipperarycoco.ie



**Michel Anglim**
Fianna Fáil

Baile an Locháin
Ard Fhíonáin

Cluain Meala
Co Thiobraid
Árann
086 0251277
michael.anglim@
tipperarycoco.ie



**Catherine Carey**
Sinn Féin

Bóthar na Sléibhe
Cluain Meala
Co Thiobraid
Árann

085 1012059
catherine.carey@
tipperarycoco.ie



**Pat English**
WUA
Churchview

Ráth Rónáin
Cluain Meala

Co Thiobraid Árann
087 6784746
pat.english@
tipperarycoco.ie



**Martin Lonergan**
Neamhpháirtí
An Currach
Droichead na
nGabhar
Ard Fíonáin,

Cluain Meala
Co Thiobraid Árann
087 6497083
martin.lonergan@
tipperarycoco.ie



**Richie Molloy**
Neamhpháirtí
6 Heywood Drive

Ardgaoithe
Cluain Meala
Co Thiobraid
Árann
086 1967482
richie.molloy@
tipperarycoco.ie



**Andy Moloney**
Neamhphháirtí

Cnocán an Chleite
Poulmucka
Cluain Meala
Co Thiobraid



**Marie Murphy**
Fine Gael
Coill Bhaile Uí
Bhuí
An Chloichín
Co Tiobraid Árann
086 8261387



**Michael Murphy**
Fine Gael

Orpen
30The Paddocks
Bóthar Fhiodh Ard
Cluain Meala

## Ceantar Bardasach an Aonaigh



**Fiona Bonfield**
Páirtí an Lucht Oibre

87 Mulcair View
An Port Nua

Co Thiobraid Árann

086 1670863
fiona.bonfield@
tipperarycoco.ie



**Dr. Phyl Bugler**
Fine Gael

Inse Dhraighneach
Béal an Átha

Co Thiobraid Árann

087 2807655
phyll.bugler@
tipperarycoco.ie



**John Carroll**
Fianna Fáil
Teach Chill
Cholmáin
An tAonach
Co Thiobraid
Árann

086 8041893
john.carroll@
tipperarycoco.ie



**Gerard Darcy**
Fine Gael
Clais an tSiáin

Ard Cróine
An tAonach
Co Thiobraid
Árann
086 2752838
gerard.darcy@
tipperarycoco.ie



**Joe Hannigan**
Neamhpháirtí
Coill Bharrainn

An Chúil Bhán
An tAonach
Co Thiobraid
Árann
087 2566157
joe.hannigan@
tipperarycoco.ie



**Hughie McGrath**
Neamhpháirtí
19 Brooklands

Drive
An tAonach
Co Thiobraid
Árann
087 2559323
hughie.mcgrath@
tipperarycoco.ie



**Seamus Morris**
Sinn Féin

Ráth na Lín
An tAonach
Co Thiobraid Árann
087 2859125



**Michael O Meara**
Neamhpháirtí

Lios Earnáin
Ráth Cabáin
Ros Cré
Co Thiobraid Arann



**Mattie Ryan**
**(An Chúil)**

Fianna Fáil
Coolecarra
Cill Chomáin
Durlas

Árann

086 3609110
andy.moloney@
tipperarycoco.ie

marie.murphy@
tipperarycoco.ie

Co Thiobraid
Árann
087 3226699
michael.murphy@
tipperarycoco.ie

seamus.morris@
tipperarycoco.ie

086 8379300
michael.omeara@
tipperarycoco.ie

Co Thiobraid
Árann
086 8038652
mattie.ryan@
tipperarycoco.ie

## An Teampall Mór – Ceantar Bardasach Dhurlais



**Joe Bourke**
Fine Gael
Cluain Mór
An Teampall Mór
Co Thiobraid Árann
086 8386376
joe.bourke@tipperarycoco.ie



**Jackie Cahill**
Fianna Fáil
Cill Fhíonáin
Durlas
Co Thiobraid Árann
087 2820663
jackie.cahill@tipperarycoco.ie



**David Doran**
Sinn Féin
An Garrán Rua
Durlas
Co Thiobraid Árann
086 8901599
david.doran@tipperarycoco.ie



**Seamus Hanafin**
Fianna Fáil
Cluain Gabhra

Durlas
Co Thiobraid Árann

087 2614000
seamus.hanafin@tipperarycoco.ie



**John Hogan**
Fianna Fáil
An Mhaighean

Durlas
Co Thiobraid Árann

086 2314067
john.hogan@tipperarycoco.ie



**Willie Kennedy**
Neamhpháirtí
Glas Deargáin
Buiris Ó Luigheach
Durlas
Co Thiobraid Árann
087 0517487
willie.kennedy@tipperarycoco.ie



**Michel Lowry**
Neamhpháirtí

An Ráithín
Mainistir na Croiche

Co Thiobraid Árann
087 2897585
michael.lowry@



**Jim Ryan**
Neamhpháirtí

Bóthar an Mhuilinn
Durlas

Co Thiobraid Árann
086 2397376
jim.ryan@



**Michael Smith**
Fianna Fáil
An Bheitheach Ghlas
Ros Cré
Co Thiobraid Árann
086 8525634
michael.smith@

tipperarycoco.ie tipperarycoco.ie tipperarycoco.ie

# Aguisín 2: Liostaí de Choistí Beartais Straitéisigh

## Forbairt Eacnamaíochta & Fiontar

### Cathaoirleach:

**An Cmhlr. John Hogan**

### Comhairleoirí:

**An Cmhlr. Seamus Hanafin**
**An Cmhlr. Siobhan Ambrose**
**An Cmhlr. John Fahey**
**An Cmhlr. Phyll Bugler**
**An Cmhlr. John Crosse**
**An Cmhlr. Joe Hannigan**
**An Cmhlr. Martin Browne**
**An Cmhlr. Kieran Bourke**
**An Cmhlr. Tom Wood**

### Earnálach/Colúin:

**Eamon Carroll**
ICMSA

**Mark Small**
Bóthar Marlfield, Cluain Meala

**Laura Jones**
c/o Óstán Clonmel,
Poppyfields, Clonmel

**Noel Byrne**
Goirtín an Phóire, An Droim Bán, Durlas

**Edel Grace**
Halla na gCearc Fraoigh, Cloch an Mhíle, Durlas

**Jimmy Ryan**
Kickham Lodge, Sráid Kickham Cluain Meala

**Ciaran Lynch**
Bóthar an Aonaigh, Durlas, Co. Thiobraid Árann

## Timpeallacht & Seirbhísí Uisce

### Cathaoirleach:

**An Cmhlr. Marie Murphy**

### Comhairleoirí:

**An Cmhlr. J. Carroll**
**An Cmhlr. Ml. Murphy**
**An Cmhlr. C. Carey**
**An Cmhlr. R. Molloy**
**An Cmhlr. A. Moloney**
**An Cmhlr. Ml. Smith**
**An Cmhlr. Ml. Anglim**

### Earnálach/Colúin:

**Simon Ryan**
Garraí Dúlas, Pailis Ghréine, Luimneach

**Richard Auler**

Baile an Bhradaigh, An Chathair

**P.J. Long**
Baile Shéamais, An Bhearna, Cluain Meala

** (1)

## Bóithre & Iompar

### Cathaoirleach:

**An Cmhlr. Jackie Cahill**

### Comhairleoirí:

**An Cmhlr. Mattie Ryan**
**An Cmhlr. Fiona Bonfield**
**An Cmhlr. Michael Fitzgerald**
**An Cmhlr. Hughie McGrath**
**An Cmhlr. David Doran**
**An Cmhlr. Willie Kennedy**
**An Cmhlr. Eddie O' Meara**

### Earnálach/Colúin:

**P.J. English**
The Bella, Bóthar na Cloichíne, An Chathair

**Angela Hickey**
Áth an Bheithir, Cill Ó Scolaí, An Port Nua,
Co.Thiobraid Árann

**Seamus Campbell, CoSBA**
Cumann Gnó Charraig na Siúire, An tIonad Oidhreachta, Carraig na Siúire.

** (2)

## Tithíocht, Pobal & Cultúr

### Cathaoirleach:

**An Cmhlr. Seamus Morris ** Ionadaithe Breise le hainmniú" faoi na CBSanna Comhshaoil/Bóithre agus Tithíochta agus táimid ag fós ag feitheamh le ionadaithe breise le haghaidh gach ceann de na coistí sin.**

### Comhairleoirí:

**An Cmhlr. Imelda Goldsboro**
**An Cmhlr. Roger Kennedy**
**An Cmhlr. Louise McLoughlin**
**An Cmhlr. Marie Murphy**
**An Cmhlr. Mary Hanna Hourigan**
**An Cmhlr. Jim Ryan**
**An Cmhlr. Pat English**
**An Cmhlr. Micheál Lowry**
**An Cmhlr. Martin Lonergan**

#### Earnálacha/Colúin:

**John O'Shaughnessy**
c/o Clancy Construction,
Drongán, Durlas.

**Willie Cranley**
Baile an Líontaigh, Baile Thiobraid Árann

**Terry O'Connor**
Three Drives Family Resource Centre,
22/23 Greenane Drive, Baile Thiobraid Árann

**Liam Hayes**
Red City, Fiodh Ard, Co. Thiobraid Árann

**Trisha Purcell**
Gort na Sceiche, An Teampall Uachtarach, Durlas

## Pleanáil & Seirbhísí Éigeandála

** (1)

### Chair:

**An Cmhlr. Denis Leahy**

### Councillors:

**An Cmhlr. Micheál Anglim**
**An Cmhlr. John Carroll**
**An Cmhlr. Joe Bourke**
**An Cmhlr. Gerard Darcy**
**An Cmhlr. Michael O' Meara**
**An Cmhlr. David Dunne**
**An Cmhlr. Martin Browne**

### Earnálach/Colúin:

**Matthew Mounsey**
Norwood, An tAonach, Co. Thiobraid Árann

**Tom Gallahue**


c/o Teamar Property Development Ltd.,
An Phríomhshráid, Baile an Londraigh,
Co. Luimnigh

**Seamus Coffey**
Shower Cross, An Port Nua, Co. Thiobraid Árann

**Lynn Mather**
15 Sráid Parnell., Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann

*** Ionadaithe Breise le hainmniú.*

# Aguisín 3: Struchtúr Eagrúcháin - Bainistíocht Pholaitiúil & Shinsearach



Straitéisigh

(CCP)


Coistí Forbartha Pobail Áitiúil

• Tithíocht Pobal & Cultúr

• Bóithre & Iompar
• Comhshaol Seirbhísí Uisce
• Forbairt Eacnamaíochta & Fiontar
• Pleanáil, Seirbhísí Éigeandála & Leabharlanna

(CFPÁ)

Coiste Iniúchóireachta


Príomhfheidhmeannach
Stiúrthóir Chur i bhFeidhm Cumasc & Comhordú Bhainistíocht Athraithe
Stiúrthóir Seirbhísí Uisce & Comhshaoil
Stiúrthóir Airgeadais & Córas Faisnéise
Foireann Bhainistíochta
Stiúrthóir Tithíochta
Stiúrthóir Bóithre Sláinte & Sábháilteachta
Stiúrthóir Pleanála, Dóiteáin & Seirbhísí Éigeandála, Leabharlanna
Stiúrthóir Acmhainní Corparáideacha & Daonna
Stiúrthóir Pobail & Forbartha Eacnamaíochta

# Aguisín 4: Éachtaí

- faoin Tionscadal um Thaisteal Cliste 2011;

- Tugadh 4,823 lá traenála daonna faoi Ionad Traenála Réigiúnach Ros Cré i 2013;

- Rinneadh deich n-údarás áitiúil a chumasc chun bheith mar “aon Chontae amháin, aon Chomhairle amháin, aon Fhoireann amháin”;

- Toghadh 40 comhalta chun Comhairle Contae Thiobraid Árann mar an bhfóram daonlathach áitiúil;

- Bunaíodh cúig Cheantar Bhardasach nua chun seirbhísí áitiúil a sheachadadh;

- Ceapadh Príomhfheidhmeannach do Chontae Thiobraid Árann;

- Coigiltis bhliantúla mheasta de €5m p.a. agus os cionn €2.5m p.a. bainte amach go dtí seo;

- Bunaíodh Deasca um Sheirbhís do Chustaiméirí i gCluain Meala agus san Aonach agus cuireadh feabhas ar sheirbhís do chustaiméirí le tabhairt isteach seirbhíse éigeandála lasmuigh d’uaireanta oifige;

- Seoladh láithreán gréasáin nua www.tipperarycoco.ie;

- Bronnadh gradam as an tseirbhís is fearr don phobal ar sheirbhís dóiteáin Thiobraid Árann i ngradaim sábháilteachta náisiúnta 2014;

- Cuireadh Bealaí nua Rothaíochta ar fáil ar an R445 An tAonach go Luimneach agus ar an mBóthar Faoisimh Laistigh i gCluain Meala



- Osclaíodh an dá chuid de Mhótarbhealach an M7 – An tAonach/Luimneach agus An tAonach/Baile an Chaisleáin 2010;

- Críochnaíodh na Príomhoibreacha Sibhialta ar an Uasghrádú ar Sholáthar Uisce Réigiúnach an Phoirt Nua agus tógadh an Conradh Meicniúil & Leictreachais go céim choimisiúnaithe;



- Tugadh cuairt ar an líonra leabharlann 640,000 uair i 2012 agus den chéad uair riamh, eisíodh os cionn leathmhilliún leabhar, agus méadaíodh úsáid idirlín na leabharlainne ag 54% go 60,000 seisiún i 2012;

- Tugadh deiseanna um thaithí oibre do 77 rannpháirtí incháilithe faoin Scéim Geatabhealaigh i dTiobraid Árann i 2014;

- Leanadh ar aghaidh leis an tiomantas chun teicneolaíochta nua

le tabhairt isteach an chórais CORE um AD, Párolla agus Aoisliúntas, agus an chórais nua CRM um Sheirbhísí do Chustaiméirí;

- Bunaíodh Oifigí Fiontar Áitiúil in oifigí cathartha Chluain Meala agus an Aonaigh;

- Plean um Forbairt Cinn Scríbe agus forbairt feidhmchlár i-phone ag Grúpa Margaíochta Loch Dearg i 2011 ina bhfuil eolais faoi rianta sa cheantar;

- Ceol i Suíomhanna Cúram Leanaí– taighde ag an gcoiste cúram leanaí NTCC ETB dearadh, seachadadh i 2013;

- Uasghrádú ar 658 foirgneamh faoin tionscadal SERVE idir 2007 agus 2011;



- Suiteáladh 800 painéal gréine i naoi bhfoirgneamh comhairle i 2014, chun laghdú de 11% ar bhillí leictreachais bliantúla a bhaint amach– i dteannta leis an Tipperary Energy Agency (TEA) & le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI);




- Comhairle Contae Thiobraid Árann– Buaiteoir ghradam Chomhairle na Bliana le haghaidh 2015 – Gradaim LAMA  um Pobail agus Chomhairlí 2015 .

## Baile 2

- Críochnaíodh athghiniúint Céim 2 ar Bhaile Uí Loingsigh i gCarraig na Siúire ar chostas €2m;

- Athchóiriú mór ar Leabharlann Charraig na Siúire i 2011 agus ar Leabharlann Ros Cré i 2014;

- Carraig na Siúire – Athchóiriú ar Pháirc an Bhaile i 2014;

- Caiseal, cuireadh na cáblaí go léir ar Shráid na mBráthar faoi thalamh, Athchóirithe;

- Osclaíodh tionscadal Halla Baile an Aonaigh, ar chostas €1.6 milliún, don phobal i 2014; chuimsigh sé amharclann nua le 214 suíochán, stáitse úrnua agus roinnt seomraí um úsáid phoiblí;



- D'oscail Uachtarán na hÉireann, Michael D. Higgins Caisleán an Aonaigh go hoifigiúil ar an 6 Meitheamh 2013 agus thug 11,000 duine cuairt air le linn 2012;



- Osclaíodh Páirc Baile nua na Aonaigh i nDeireadh Fómhair 2014;

- Nenagh Leisure Centre refurbished in October 2014;




- Cluain Meala – Forbraíodh Questum, i gcomhpháirt le LIT, i mBaile an Gharráin. Forbairt €3.25m. Críochnaíodh i nDeireadh Fómhair 2014 é;



- Cluain Meala – Críochnaíodh rian rothar ar Bhóthair Faoisimh Istigh an N24;

- Tiobraid Árann– osclaíodh Roinn Rialtais nua ar luach €20m agus oifigí nua Ceantair Bhardasaigh ar Bhóthar Rosanna, Tiobraid Árann i 2012;

- Cnocán an Éin Fhinn – Buaiteoir sa Chatagóir Náisiúnta i gComórtas Uile-Oileáin um Mórtas Áite de chuid Co-Operation Ireland a reáchtáladh i 2012;

- Éiceachomharsanacht Chloch Shiurdáin – Bonn Óir sna gradaim

Liv-Com i Xiamen, An tSín i 2013;

- Bronnadh gradam don Sráidbhaile is Slachtmhaire ar Imleach i 2014 – san am atá thart bhuaigh sé comórtas na mBailte Slachtmhara;

- Cluain Meala – Críochnaíodh Scéim um Faoiseamh ó Thuilte ar luach €40m atá déanta suas de 3.8cm de bhallaí tuilte, 3.5cm de chlaífoirt, 850m de chosaintí in-díshuite, 5.9m de shéaraigh uisce stoirme, 12 stáisiún caidéalaithe agus dhá bhealach le haghaidh iasc;



- Tír Ghlas – tháinig sé sa dara háit sa Chomórtas Uile-Oileáin um Mórtas Áite.





Comhairle Contae Thiobraid Árann
Tipperary County Council


**Guthán**
0761 06 5000

**Ríomhphost**
customerservices@
tipperarycoco.ie

**www.tipperarycoco.ie**

**Comhairle Contae Thiobraid Árann**
Oifigí Cathartha,
Bóthar Luimnigh,
An tAonach,
Co. Thiobraid Árann

**Comhairle Contae Thiobraid Árann**
Oifigí Cathartha
Sráid Emmet,
Cluain Meala,
Co. Thiobraid Árann